



## TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Bealtaine 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 250 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú agus leis an athbhreithniú ar liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 250 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 250 annex



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026  
COM(2026) 250 final

ANNEXES 1 to 2

## IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú agus leis an athbhreithniú ar liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú**

## IARSCRÍBHINN 1

### **CINNEADH UIMH. [X]/2026 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS AGUS AN CHÓIRÉ**

**an [Lá agus Mí] 2026**

**maidir le liosta athbhreithnithe de dhaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 6 Deireadh Fómhair 2010 ('an Comhaontú') agus go háirithe Airteagal 14.18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Déantar foráil sa Chomhaontú maidir le sásra um réiteach díospóidí lena réitítear díospóidí trí dhul ar iontaoibh painéal eadránaithe.
- (2) I gcás díospóide, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil eadrána agus, in éagmais an chomhaontaithe sin, beidh an painéal comhdhéanta trí chrannchur a dhéanamh ó liosta ainmneacha.
- (3) An 23 Nollaig 2011, ghlac an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré Cinneadh Uimh. 2<sup>(1)</sup> lena mbunaítear liosta de 15 dhuine a fhéadfaidh feidhmiú mar eadránaithe i nósanna imeachta an Phainéil de bhun Airteagal 14.18 den Chomhaontú.
- (4) Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo roinnt de náisiúnaigh na Cóiré, náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na n-eadránaithe a ionadú. Chun go dtiocfaidh an leasú seo i bhfeidhm, ba cheart don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair a fhorghabháil. Dá bhrí sin, ba cheart liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, a ghlacadh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

#### *Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta na ndaoine aonair a fhéadfaidh feidhmiú mar eadránaithe chun críocha Airteagal 14.18 den Chomhaontú.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

---

<sup>1</sup> Cinneadh Uimh. 2 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le bunú liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 14.18 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

*Thar ceann an Choiste um Thrádáil*

*Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an Aontais Eorpaigh*

*um*

*Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil Phoblacht na Cóiré*

[Ainm]

[Ainm]

LIOSTA NA nEADRÁNAITHE

Eadránaithe arna moladh ag an gCóiré:

Insoo PYO

Seungwha CHANG

Sungjoon CHO

Joongi KIM

Jaemin LEE

Eadránaithe arna moladh ag an Aontas:

Mary FOOTER

Marcus KRAJEWSKI

Crenguta LEAUA

Joost PAUWELYN

Hélène RUIZ FABRI

Cathaoirligh:

William DAVEY

Merit JANOW

Penelope Jane RIDINGS

Valerie HUGHES

Marco Tulio MOLINA TEJEDA

## IARSCRÍBHINN 2

### **CINNEADH UIMH. [X]/2026 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS AGUS AN CHÓIRÉ**

**an [Lá agus Mí] 2026**

**maidir le liosta athbhreithnithe de shaineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 6 Deireadh Fómhair 2010 ('an Comhaontú') agus go háirithe Airteagal 13.15 agus 15.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 13.15(3) den Chomhaontú, tá na Páirtithe le liosta a bhunú de 15 dhuine ar a laghad atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe maidir le hábhair a eascraíonn faoi Chaibidil 13 den Chomhaontú agus a bhfuil saineolas acu ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an gCaibidil sin, go háirithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe. As measc na ndaoine aonair sin, ní mór do chúigear díobh ar a laghad a bheith ina neamhnáisiúnaigh de cheachtar Páirtí agus ní mór dóibh feidhmiú mar chathaoirleach ar an bPainéal Saineolaithe.
- (2) An 27 Meitheamh 2012, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú laistigh den Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré trí Chinneadh Uimh. 2/2012<sup>2</sup> maidir leis an liosta lena mbunaítear uainchlár 18 saineolaí a fhéadfaidh feidhmiú mar phainéalaithe. Rinneadh an liosta seo a athbhreithniú go deireanach in 2019 le Cinneadh Uimh. 1/2019<sup>3</sup> ón gCoiste céanna.
- (3) Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo daoine eile a chur in ionad cuid de na neamhnáisiúnaigh a fhéadfaidh feidhmiú mar chathaoirleach ar an bPainéal Saineolaithe.
- (4) Dá bhrí sin, liosta athbhreithnithe na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, ba cheart é a ghlacadh,
- (5) Chun go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm, ba cheart don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré liosta athbhreithnithe na saineolaithe a fhormheas,

---

<sup>2</sup> Cinneadh Uimh. 2/2012 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 27 Meitheamh 2012 maidir le Painéal Saineolaithe a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 13.15 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

<sup>3</sup> Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 30 Meán Fómhair 2019 maidir le liosta athbhreithnithe saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta athbhreithnithe na saineolaithe a fhéadfaidh feidhmiú mar phainéalaithe chun críocha Airteagal 13.15 den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh [sa Bhruiséil/Súl], [Lá agus Mí] 2026.

*Thar ceann an Choiste um Thrádáil*

*Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an Aontais Eorpaigh*

*Comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil Phoblacht na Cóiré*

[Ainm]

[Ainm]

LIOSTA NA SAINÉOLAITHE

Saineolaithe arna n-ainmniú ag Poblacht na Cóiré:

Sung Wook LEE

Jaemin LEE

Chang Young KWON

Suh-Yong CHUNG

Taek-Whan HAN

Won-Mog CHOI

Saineolaithe arna n-ainmniú ag an Aontas Eorpach:

Eddy LAURIJSSSEN

Jorge CARDONA

Karin LUKAS

Hélène RUIZ FABRI

Laurence BOISSON DE CHAZOURNES

Geert VAN CALSTER

Cathaoirligh:

Brian LANGILLE

Kevin BANKS

Le HA THANH

Jill MURRAY

Ricardo MELÉNDEZ-ORTIZ

Nathalie BERNASCONI-OSTERWALDER